



An spéis leat bheith i d'aistritheoir?

Cén fáth nach mbeifeá linne sa Choimisiún Eorpach mar sin?

Is le **haistriúchán téacsanna scríofa amháin in Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin (DGT)** an Choimisiúin Eorpaigh a bhaineann an fhaisnéis seo. Más spéis leat an ateangaireacht, déan teagmháil le hArd-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta:

<http://ec.europa.eu/dgs/scic/index.htm>

Ag obair linn mar aistritheoir tí...

Conas is féidir liom post a fháil in DGT?

Is trí **chomórtais oscailte**, a eagraíonn an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), a earcaítear daoine don Choimisiún Eorpach (agus d'institiúidí eile). Tá na sonraí go léir maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus na comórtais atá ar siúl ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO: <http://europa.eu/epso>.

Conas cur isteach ar phost?

Iarratas leictreonach a chur isteach ar leathanach gréasáin EPSO (http://europa.eu/epso/apply/index_en.htm) is ea an t-aon slí amháin chun comórtas a dhéanamh.

Céard atá i gceist leis na comórtais?

De ghnáth **is é atá i gcomórtas oscailte ná próiseas réamhroghnúcháin** atá bunaithe ar thrialacha ilroghnacha ina dtástáiltear do chumas uimhríochta agus briathartha agus do scileanna teanga. Ansin déantar **dianmheasúnú ar do chuid saineolais trí scrúdaithe aistriúcháin** agus agallamh. Idir cúig agus naoi mí a mhaireann an próiseas ar fad de ghnáth.

An féidir liom páirt a ghlacadh sna comórtais sin?

Is féidir,

- más **saoránach de Bhallstát** de chuid an Aontais Eorpaigh thú;
- má tá sárchumas agat sa **sprioctheanga** (de ghnáth do theanga dhúchais) agus ar chumas agat in **ar a laghad dhá theanga oifigiúla eile de chuid AE**, agus an Béarla, an Fhraincis nó an Ghearmáinis ar cheann acu sin;
- má tá **céim ollscoile agat (ní gá gur céim i dteangacha í)**.

Níl aon taithí ghairmiúil ag teastáil.

Iarratasóirí ar éirigh leo, an dtosaíonn siad ar an toirt?

Ní thosaíonn. Cuirtear ar **phainéal** iad, a bhíonn bailí ar feadh tréimhse socraithe. Nuair a bhíonn folúntas ann, roghnaítear na hearcaigh nua ón bpainéal de réir a bpróifíle (oideachas agus oiliúint, na bunteangacha atá acu, saineolas, srl.) agus de réir riachtanais DGT.

...ag obair linn mar oiliúnaí...

Cuireann DGT líon beag **tréimhsí oiliúna ar fáil do chéimithe** a dteastaíonn uathu roinnt taithí gairmiúla san aistriúchán a fháil. Is ionann na ceanglais teanga agus acadúla don tréimhse oiliúna agus na ceanglais do na comórtais oscailte. Le haghaidh sonraí breise, féach ar an leathanach gréasáin maidir le cúrsaí oiliúna:

http://ec.europa.eu/stages/information/application_en.htm

...nó mar aistritheoir seachtrach ar conradh

An oibríonn DGT le hastritheoirí seachtracha ar conradh?

Oibríonn. Faoi láthair is aistritheoirí seachtracha ar conradh, laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach, a aistríonn os cionn **25% d'aschur iomlán DGT**. Timpeall **500 000** leathanach sa bhliain atá i gceist leis seo. Is féidir le hastritheoirí seachtracha aon doiciméad de chuid an Choimisiúin, seachas doiciméid atá an-phráinneach nó an-íogair, a aistriú, agus bítear ag súil leis an gcaighdeán céanna sna haistriúcháin sin agus a mbítear ag súil leis sna haistriúcháin inmheánacha.

Conas is féidir liom oibriú mar aistritheoir seachtrach ar conradh don Choimisiún?

Foilsíonn DGT **iarratais ar thairiscintí** go rialta ar a shuíomh gréasáin: http://ec.europa.eu/dgs/translation/index_en.htm. Tig le saoraistritheoirí agus le gníomhaireachtaí aistriúcháin iarratas a chur isteach. Tar éis an phróisis roghnúcháin, tugtar creachonartaí do na hiarrthóirí ar éirigh leo.

Cad iad na príomhtheangacha a bhíonn ag teastáil?

Is iad na sprioctheangacha atá ag teastáil ná **teangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh** (an Béarla, an Bhulgáiris, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris), mar aon le **teangacha na dtíortha ar iarthóirí iad**, i gcomhar **le Béarla, le Fraincis, nó le Gearmáinis** go háirithe. As na leathanaigh go léir a aistríonn aistritheoirí seachtracha ar conradh thar ceann an Choimisiúin, bíonn níos lú ná 1% i dteangacha eile.

Cé leis a rachaidh mé i dteagmháil le haghaidh sonraí breise?

Leis an **Aonad Aistriúcháin Sheachtraigh**, foireann ilnáisiúnta teangeolaithe agus cúntóirí riaracháin atá freagrach as caidreamh DGT le hastritheoirí seachtracha:

http://ec.europa.eu/dgs/translation/index_en.htm